# Soláthar Iompar Scoile 2016/17

Bus Éireann
At the heart of the community

A Phríomhoide, a chara,

Is mian liom tú a chur ar an eolas faoi na téarmaí a bhaineann leis an Scéim Iompar Scoile do Bhunscoileanna atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie.

Go bunúsach, bíonn páistí incháilithe d'iompar scoile má bhíonn cónaí orthu in áit nach lú ná 3.2 ciliméadair ón scoil agus iad ag freastal ar an scoil is gaire dóibh dar leis an Roinn/Bus Éireann, éiteas agus teanga na scoile san áireamh. Ní mór do dheichniúr daltaí ar a laghad a chónaíonn i gceantar ar leith, faoi mar a chinneann Bus Éireann é, cáiliú sular féidir smaoineamh ar sheirbhísí iompar scoile a chur i bhfeidhm nó a choimeád, ar choinníoll gur féidir é sin a dhéanamh ar chostas réasúnta.

Nuair a bhíonn bunscoil á roghnú acu, tá sé tábhachtach go gcuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi na critéir incháilitheachta do sholáthar iompar scoile mar, ag eascairt ó athruithe a tugadh isteach ó Mheán Fómhair 2011, d'fhéadfadh go mbeadh páistí ón gclann nó ón gceantar céanna incháilithe don iompar go scoileanna éagsúla. Cé gur é saincheart tuismitheoirí a bpáistí a chur chuig a rogha scoile, baineann incháilitheacht don iompar scoile leis an scoil is gaire.

Chun cuidiú le tuismitheoirí maidir le hincháilitheacht don iompar scoile, bheinn faoi chomaoin agat dá bhféadfá aird na dtuismitheoirí a dhiriú ar an mBileog Ceisteanna agus Freagraí nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu ar a bpáistí a chlárú i do scoil.

Is féidir iarratas don scoile a dhéanamh ar líne ag www.buseireann.ie agus caithfear é sin a bheith déanta roimh an Aoine deireanach i mí Aibreáin (29 Aibreán 2016). Tá sé tábhachtach iarratais ar iompar a dhéanamh in am mar ní féidir geallúint a thabhairt go mbeidh suíocháin ar fáil dóibh siúd a dtagann na hiarratais uatha i ndiaidh an spriocdháta.

Is féidir le tuismitheoirí tuilleadh eolais nó soiléirithe a fháil trí theagmháil a dhéanamh le hoifig áitiúil Bus Éireann; tá na sonraí teagmhála i gceangal.

Is mór agam do thacaíocht maidir leis an t-eolas seo a chur ar fáil do thuismitheoirí .

Le meas,

G. Gannon

Gerry Gannon,
Bainisteoir, Iompar Scoile

# Iompar Scoile don Scoilbhliain 2016/17

1. Cé atá incháilithe?
   Tá páistí a bhfuil cónaí orthu ar a laghad 3.2 ciliméadair ón scoil agus atá ag freastal ar an scoil is gaire dóibh incháilithe d'iompar bunscoile.

2. Conas mar is féidir liom iarratas a dhéanamh?
   Ar líne go Bus Éireann ag www.buseireann.ie

3. Cathain a chuirim iarratas isteach?
   Ba chóir iarratais a dhéanamh roimh an Aoine deireanach i mí Aibreáin. Ní féidir a gheallúint go mbeidh suíocháin ar fáil d'iarratais dhéanacha.

4. Cad é an costas?
   Is é an costas bliantúil reatha ná €100 do gach páiste le huasmhéid €220 do chlann ag an mbunléibhéal

5. An féidir liom an costas a íoc tríd an mbliain?
   Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh i ndá thráthchuid i mí Iúil agus i mí na Nollag.

6. An bhfuil díolúine ón íocaíocht ag roinnt daltaí?
   Tá. Ní féidir ach le páistí incháilithe i.e. páistí a bhfuil cónaí orthu ar a laghad 3.2 ciliméadair ón scoil agus iad ag freastal ar an scoil is gaire, a bhfuil Cártaí Leighis bailí acu (Scéim SGL/GMS), gan íoc. Caithfear íoc as gach páiste eile.

7. Cá bhfuil eolas breise le fáil agam faoin scéim?
   Ta na téarmaí uile a bhaineann leis an Scéim Iompar Scoile don Bhunscoil ar fáil ag www.education.ie agus ag www.buseireann.ie.